msletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma
*Mayo, Sligo and Leitrim Education and Training Board*

# Ráiteas Luachanna Comhionannais agus Ceart Daonna

**Ceanglaíonn Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine ('an Dualgas') ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar an ngá atá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna na foirne agus na ndaoine a bhaineann leas a bhaint as an tseirbhís seo a chosaint.**

Tá cur chuige bunaithe ar luachanna glactha ag MSLETB chun ár gcur chuige maidir le cur i bhfeidhm Dhualgas um Chomhionannas agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí a chumadh. Tá ceithre luach bunaithe againn chun ár gcuid oibre ar an Dualgas a chumadh: Cuimsiú, Meas, Ceartas Sóisialta agus Cumhachtú.

---

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach ar ár bPlean Forfheidhmithe um Chomhionannas agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí ar ár suíomh gréasáin www.msletb.ie

## www.msletb.ie

Registered Charity No: 20083472

## CUIMSIÚ

**Baineann cuimsiú le héagsúlacht a aithint, a thuiscint, a luacháil agus oiriúnú di. Baineann sé le hinrochtaineacht, muintearas, a bheith duinelárnach, agus nuálaíoch chun an timpeallacht foghlama agus oibre a shaibhriú.**

### RÁITEAS TOSAÍOCHTA

Tá sé mar thosaíocht againn rochtain, rannpháirtíocht agus torthaí a chinntiú don fhoireann, d'fhoghlaimeoirí agus do dhaltaí ó na grúpaí aitheanta, agus aitheantas á thabhairt go dtugann éagsúlacht deiseanna nuálaíochta a shaibhríonn an timpeallacht foghlama agus an t-ionad oibre.

### RÁITEAS AR CHUR CHUIGE

Tá sé mar aidhm ag MSLETB bacainní a bhaint le cur ar chumas na bhfoghlaimeoirí, na ndaltaí agus na foirne ó na grúpaí aitheanta páirt chomhionann a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus i seirbhísí ár n-eagraíochta. Áirítear ar ár gcur chuige: solúbthacht maidir le freastal ar éagsúlacht, agus cur chuige a shaincheapadh chun freastal ar mhianta agus riachtanais na ngrúpaí aitheanta, thar ár bhfeidhmeanna go léir.

## MEAS

**Baineann meas le comhbhá, tuiscint, éisteacht, ionracas agus cineáltas. Is éard atá i gceist leis ná bualadh le daoine áit a bhfuil siad, a bheith neamhbhreithiúnach, agus paireacht mheasa.**

### RÁITEAS TOSAÍOCHTA

Tá sé mar thosaíocht againn cultúr a chothú ina bhfuil meas agus urraim ar gach duine ríthábhachtach i rathúlacht na heagraíochta. Tá sé mar aidhm againn cúram agus folláine ár bhfoirne, ár gcuid mac léinn agus foghlaimeoirí ó na grúpaí aitheanta a chur chun cinn, mar phrionsabal lárnach dár sainspioraid.

### RÁITEAS AR CHUR CHUIGE

Déileálfaidh MSLETB le gach duine le meas agus ar bhealach gairmiúil de réir ár bprionsabal rialachais. Cuirfimid caidrimh agus cultúr measúil chun cinn i gcroílár gach idirghníomhaíochta.

## CEARTAS SÓISIALTA

**Baineann Ceartas Sóisialta le trédhearcacht, le cothroime, agus le comhdheiseanna i ndáileadh acmhainní eacnamaíocha, oideachais, cultúrtha agus acmhainní eile. Is éard atá i gceist leis ná cuir chuige spriocdhírithe réamhghníomhacha chun tacú leo siúd a fhulaingíonn éagóir.**

### RÁITEAS TOSAÍOCHTA

Tá sé mar thosaíocht againn rochtain, rannpháirtíocht agus torthaí dearfacha a chinntiú don fhoireann, do dhaltaí agus d'fhoghlaimeoirí ó na grúpaí sainaitheanta, trí chomhionannas rochtana ar dheiseanna agus acmhainní a chinntiú do dhaoine a d'fhéadfaí a eisiamh nó a imeallú murach sin, agus trédhearcacht agus cuntasacht maidir leis an gcaoi a ndírítear agus a ndáiltear na hacmhainní sin.

### RÁITEAS AR CHUR CHUIGE

Cinnteoidh MSLETB soláthar comhionann rochtana ar acmhainní do dhaltaí, d'fhoghlaimeoirí agus d'fhoireann na ngrúpaí aitheanta. Leis sin, beimid réamhghníomhach inár gcur chuige spriocdhírithe dóibh siúd a fhulaingíonn an neamhionannas. Úsáidfimid sonraí ábhartha, agus déanfaimid ár ndícheall ár seirbhísí agus ár bhfostaíocht a dhéanamh freagrúil chun freastal ar riachtanais na ngrúpaí aitheanta. Leanfaimid ag tógáil agus ag cur chun cinn naisc láidre leis na grúpaí aitheanta don Dualgas.

## CUMHACHTÚ

**Baineann cumhachtú le glór, rogha, uathriail, féinchinneadh agus rannpháirtíocht i gcinntí a théann i bhfeidhm ort. Is éard atá i gceist leis a chinntiú go bhfuil na huirlisí is gá ag daoine chun gníomhú go neamhspleách agus roghanna a dhéanamh chun tionchar dearfach a imirt ar a saol.**

### RÁITEAS TOSAÍOCHTA

Déanfaidh MSLETB a dhícheall muinín agus cinnteacht ár bhfoirne, ár bhfoghlaimeoirí agus na mac léinn ó na grúpaí sainaitheanta a fhorbairt chun a gcumas a fhorbairt agus a scaoileadh. Oibreoimid chun timpeallacht oibre agus foghlama a fhorbairt atá cumasaithe agus freagrach.

### RÁITEAS AR CHUR CHUIGE

Déanfaimid próisis chomhchruthaithe, chomhoibrithe agus comhair a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm chun forbairt phearsanta, oideachasúil agus ghairmiúil na foirne, na bhfoghlaimeoirí agus na mac léinn ó na grúpaí aitheanta a chinntiú. Cinnteoimid deiseanna foghlama leanúnacha agus breisoiliúna dár bhfoireann, foghlaimeoirí agus mic léinn, trí roghanna bríocha a sholáthar.

Corporate Services Dept, 2024